# <u>AN CLÁR TRÉDHEARCACHTA</u>

## Dhearbhú Polaitiúil

## tráth glactha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach

1. Is díol sásaimh do na rialtais sínithe cinneadh na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach ('an Comhaontú Idirinstitiúideach') a thabhairt i gcrích, comhaontú lena mbunaítear cur chuige comhordaithe d'idirghníomhaíochtaí trédhearcacha eiticiúla idir institiúidí an Aontais agus ionadaithe sainleasa, bunaithe ar phrionsabal na coinníollachta.

2. Dearbhaíonn na rialtais sínithe go bhfuil sé ar intinn acu idirghníomhaíochtaí trédhearcacha eiticiúla a chur chun cinn chomh maith nuair a bheidh ionadaithe sainleasa ag iarraidh tionchar a imirt ar an gcaoi a mbíonn údaráis náisiúnta rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais.

3. Geallann siad, go háirithe, le linn a dtéarma oifige agus Uachtaránacht acu ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus sna sé mhí roimh an téarma sin, go mbeidh cruinnithe idir ionadaithe sainleasa agus a mBuanionadaí agus a Leas-Bhuanionadaí chuig an Aontas faoi seach coinníollach ar na hionadaithe sainleasa sin a bheith cláraithe ar an gClár Trédhearcachta.

4. Baineann prionsabal na coinníollachta a leagtar amach sa mhír roimhe seo leis na cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus leis an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar chomhaltaí d'Uachtaránacht ghníomhach nó Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle.

5. Tugtar fógra faoin dearbhú reatha do Bhord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chomhaontú Idirinstitiúideach. Tá de shaoirse ag na Ballstáit shínithe i gcónaí fógra a thabhairt do Bhord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta faoi rún atá acu cineálacha eile idirghníomhaíochtaí le hionadaithe sainleasa a dhéanamh coinníollach ar chlárú ar an gClár Trédhearcachta nó faoi bhearta trédhearcachta comhlántacha nó tarraingt siar ón dearbhú seo.

6. Tá na gealltanais a thugtar sa dearbhú seo gan dochar do na bearta maidir le rialáil idirghníomhaíochtaí idir ionadaithe sainleasa agus údaráis náisiúnta a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta.

7. I gcás ina ndéanfar modhnú nó athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach, beidh na gealltanais a thugtar sa dearbhú seo faoi réir athbhreithnithe chomh maith.